An Coimisiún Pleanála

## An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú.

# FÓGRA FAOI FHAISNÉIS SHUNTASACH BHREISE CHUIG AN gCOIMISIÚN PLEANÁLA I LEITH TIONSCADAL FUINNIMH GAOITHE AMACH ÓN gCÓSTA FAOI UIMHIR THAGARTHA ABP-319864-24

## Comhairle Contae Chill Mhantáin agus Comhairle Contae Loch Garman

I gcomhréir le fo-alt 292(2)(b) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, tugann an Coimisiún Pleanála fógra faoi fhaisnéis shuntasach bhreise a fuarthas ó Sure Partners Limited i ndáil leis an bhforbairt bheartaithe seo a leanas dá ngairtear Páirc Ghaoithe Bhruach an Inbhir Mhóir 2.

Tá an fhorbairt bheartaithe suite amach ó chósta Chontae Chill Mhantáin agus Chontae Loch Garman.

**Tá na príomhghnéithe seo a leanas i gceist leis an bhforbairt bheartaithe:**

Is í an fhorbairt bheartaithe ná Páirc Ghaoithe Bhruach an Inbhir Mhóir 2 (dá ngairtear an Fhorbairt Bheartaithe anseo feasta), ar bonneagar amach ón gcósta í. Is feirm ghaoithe amach ón gcósta í an Fhorbairt Bheartaithe, atá suite amach ó chósta Chontae Chill Mhantáin agus Chontae Loch Garman, ar chósta thoir na hÉireann. I mí na Nollag 2022, deonaíodh Toiliú Limistéir Mhuirí (Uimh. Thag. 2022-MAC-002) le haghaidh feirm ghaoithe amach ón gcósta agus bonneagar gaolmhar a thógáil agus a oibriú (lena n-áirítear díchoimisiúnú agus oibreacha eile) ar Bhruach an Inbhir Mhóir i Muir Éireann agus timpeall air.

Cuimseoidh láithreán na Forbartha Beartaithe Limistéar Eagair (an limistéar ar laistigh de a shuiteálfar na Gineadóirí Tuirbín Gaoithe, na hArdáin Fostáisiúin Amach ón gCósta, na cáblaí gaolmhara (cáblaí easpórtála, cáblaí idir-eagair agus cáblaí idirnascaire), agus na bunsraitheanna) agus Conair Cáblaí agus Limistéar Oibre (an limistéar ar laistigh de a shuiteálfar cáblaí easpórtála, cáblaí idir-eagair agus cáblaí idirnascaire). Is é 139.4 km2 achar foriomlán láithreán na Forbartha Beartaithe, agus beidh an Fhorbairt Bheartaithe ar fad suite chun farraige ón Líne Barr Láin. Beidh an Limistéar Eagair suite thart ar 6 km go 15 km amach ón gcósta agus beidh thart ar 63.4 km2 ann. Sínfidh an Chonair Cáblaí agus an Limistéar Oibre ón Limistéar Eagair chuig an Líne Barr Láin ag Baile Sheáin Thuaidh, ar an taobh thuaidh de Bhaile an Inbhir Mhóir, Co. Chill Mhantáin, áit a dtiocfaidh na cáblaí easpórtála amach ón gcósta i dtír (an Limistéar Teacht i dTír). Is é 76.0 km2 achar na Conaire Cáblaí agus an Limistéir Oibre.

**Cuimseoidh an Fhorbairt Bheartaithe na nithe seo a leanas:**

I. Ceachtar de dhá Rogha Deartha Tionscadail - Rogha Deartha Tionscadail 1 (a chuimsíonn Samhlacha 1a agus 1b, a roghnófar ceann amháin díobh) nó Rogha Deartha Tionscadail 2. Cuimsíonn Rogha Deartha Tionscadail 1 (Samhlacha 1a agus 1b) Gineadóirí Tuirbín Gaoithe ar a mbeidh an t-aon trastomhas rótair amháin, an t-aon airde moil amháin agus na haon airdí goib amháin, agus difríochtaí beaga ann idir an dá shamhail maidir le leithead an chorda agus maidir leis an líon imrothluithe sa nóiméad. Cuimsíonn na Roghanna Deartha Tionscadail na paraiméadair seo a leanas:

| Paraiméadair | Dearadh an Tionscadail Rogha 1 | | Dearadh an Tionscadail Rogha 2 |
|---|---|---|---|
| An líon Gineadóirí Tuirbín Gaoithe | 56 | | 47 |
| Airde an mhoil (os cionn na Taoide Réalteolaíche is Ísle) (m) | 155 | | 162 |
| Trastomhas an rótair (m) | 236 | | 250 |
| Airde ghob na lainne uachtaraí (os cionn na Taoide Réalteolaíche is Ísle) (m) | 273 | | 287 |
| Airde ghob na lainne íochtaraí (os cionn na Taoide Réalteolaíche is Ísle) (m) | 37 | | 37 |
| Leithead an Chorda (m) | Samhail 1a | Samhail 1b | 6.9 |
| | 5.4 | 6.8 | |
| Meánlíon imrothluithe sa nóiméad in aghaidh na bliana | 6.34 | 5.73 | 6.19 |

II. I gcás an dá Rogha Deartha Tionscadail, beidh trí lann agus rótar aise cothrománaí amháin sna Gineadóirí Tuirbín Gaoithe. Beidh na lanna ceangailte leis an mol, rud a bheidh ina rótar lena gcasfar seafta a bheidh ceangailte go díreach leis an ngineadóir (‘tiomáint dhíreach’) nó le giarbhosca, a bheidh suite laistigh den naoisil. Suiteálfar gach Gineadóir Tuirbín Gaoithe ar bhunsraith aonphíle cruach a bheidh idir 7 m agus 11 m ar trastomhas.

III. Dhá cheann d’Ardáin Fostáisiúin Amach ón gCósta, a mbeidh struchtúr taobh uachtair ar an dá cheann díobh, ar struchtúr é a mbeidh a phríomhstruchtúr 53 m ar airde os cionn na Taoide Réalteolaíche is Ísle agus a mbeidh a aeróga 63 m ar airde os cionn na Taoide Réalteolaíche is Ísle. Beidh an taobh uachtair 46 m ar fad agus beidh an taobh uachtair 33.5 m ar leithead. Beidh gach Ardán ina sheasamh ar bhunsraith aonphíle a bheidh idir 7 m agus 14 m ar trastomhas. Beidh Ardán amháin suite ar an taobh thuaidh den Limistéar Eagair agus beidh an ceann eile suite ar an taobh theas de. Beidh lascghiar, claochladáin, trealamh rialaithe, trealamh leictreach cúnta, craenacha, ceallraí, gineadóirí, córais rialaithe dóiteáin, crann cumarsáide agus trealamh coimhdeach eile i struchtúr taobh uachtair an Ardáin Fostáisiúin Amach ón gCósta.

IV. Beidh feadán toll cruach sna bunsraitheanna aonphíle do na Gineadóirí Tuirbín Gaoithe agus do na hArdáin Fostáisiúin Amach ón gCósta, ar feadán é a bheidh suiteáilte isteach i ngrinneall na farraige. Beidh na bunsraitheanna aonphíle Gineadóra Tuirbín Gaoithe suiteáilte idir 20 m agus 37 m faoi bhun an Leibhéil is Ísle de Ghrinneall na Farraige, agus beidh na bunsraitheanna aonphíle Ardáin Fostáisiúin Amach ón gCósta suiteáilte idir 20 m agus 45 m faoi bhun an Leibhéil is Ísle de Ghrinneall na Farraige.

V. Líonra cáblaí idir-eagair a bheidh suite idir suíomhanna Gineadóra Tuirbín Gaoithe agus suíomhanna Ardáin Fostáisiúin Amach ón gCósta, ar cáblaí iad a bheidh idir 110 km agus 122 km ar fad.

VI. Cáblaí idirnascaire a bheidh suite idir an dá cheann de na hArdáin Fostáisiúin Amach ón gCósta, ar cáblaí iad a bheidh idir 25 km agus 28 km ar fad.

VII. Dhá chiorcad cáblaí easpórtála a shínfidh ó na hArdáin Fostáisiúin Amach ón gCósta chuig an Limistéar Teacht i dTír atá beartaithe ag Baile Sheáin Thuaidh, ar ciorcaid iad a bheidh idir 35 km agus 40 km ar fad in dteannta a chéile.

VIII. Oibreacha coimhdeacha gaolmhara a chuimseoidh cosaint cáblaí agus cosaint ar sciúradh. Suiteálfar cosaint cáblaí chun gluaiseacht agus nochtadh na gcáblaí a chosc thar shaolré na Forbartha Beartaithe in áiteanna nach mbeifear in ann na cáblaí a chur faoi thalamh chuig an doimhneacht riachtanach. Úsáidfear cosaint ar sciúradh chun na bunsraitheanna aonphíle a chosaint ar aon sciúradh taoide a d’fhéadfadh tarlú timpeall ar na bunsraitheanna aonphíle.

IX. Comhpháirteanna coimhdeacha a bheidh le cur ar na bunsraitheanna aonphíle, lena n-áireofar láithreacha tuirlingthe bád, J-fheadáin, ardáin agus craenacha croiche a bheidh ceaptha chun tacú le tógáil, oibriú agus díchoimisiúnú an bhonneagair a bhfuil tuairisc tugtha air thuas.

X. Suirbhéanna deimhniúcháin a chuimseoidh suirbhéanna geoiteicniúla, geoifisiceacha agus comhshaoil.

XI. Tá leagan amach sainithe Gineadóra Tuirbín Gaoithe agus Ardáin Fostáisiúin Amach ón gCósta ar Roghanna Deartha Tionscadail 1 agus 2, áit a mbeidh feidhm ag teorainn diallais 100 m maidir le gach suíomh chun go mbeifear in ann srianta láithreáin a sheachaint, amhail drochdhálaí talún le linn na tógála.

XII. Ag an Limistéar Teacht i dTír, suiteálfar na cáblaí easpórtála trí úsáid a bhaint as teicnící gan trinse idir an Líne Barr Láin agus pointe scoir na teicníce gan trinse. Is é a bheidh i gceist leis sin ná na cáblaí easpórtála a shuiteáil feadh conairí druileáilte faoi thalamh a bheidh idir 350 m agus 880 m ar fad, gan aon ghá le trinse oscailte a thochailt.

XIII. Táthar ag iarraidh san iarratas seo cead deich mbliana agus saolré oibríochtúil 36.5 bliain ó dháta choimisiúnú deiridh na Forbartha Beartaithe.

Cuireadh Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus Ráiteas Tionchair Natura isteach mar chuid den iarratas don Fhorbairt Bheartaithe.

Is dócha go mbeidh éifeachtaí suntasacha ag an bhForbairt Bheartaithe ar chomhshaol Ballstáit den Aontas Eorpach nó stáit is páirtí sa Choinbhinsiún Trasteorann (Coinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta i gComhthéacs Trasteorann, arna dhéanamh in Espoo (an Fhionlainn) an 25 Feabhra 1991).

Baineann an t-iarratas le Forbairt Bheartaithe ar gá Cead um Dhumpáil ar Farraige a fháil ina leith faoin Acht um Dhumpáil ar Farraige, 1996 (arna leasú).

Beidh an fhaisnéis shuntasach bhreise, lena n-áirítear leagan nuashonraithe den Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus den Ráiteas Tionchair Natura, ar fáil lena hiniúchadh saor in aisce nó lena ceannach ar tháille shonraithe (nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh) a íoc le linn uaireanta oscailte don phobal, ar feadh tréimhse ocht seachtaine dar tús an **3 Meitheamh 2026,** sna láithreacha seo a leanas:

- Oifigí an Choimisiúin Pleanála, 64 Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1
- Oifig Pleanála Chomhairle Contae Loch Garman, Áras an Chontae, An Charraig Leathan, Loch Garman, Y35 WY93
- Oifig Pleanála Chomhairle Contae Chill Mhantáin, Foirgnimh an Chontae, Na Geataí Bána, Baile Chill Mhantáin, A67 FW96

Cuirfear na doiciméid ar fáil lena léamh/lena n-íoslódáil ó shuíomh Gréasáin an Choimisiúin: https://www.pleanala.ie/en-ie/case/319864

Is féidir na doiciméid a léamh/a íoslódáil ar an suíomh Gréasáin seo a leanas freisin: https://www.arklowbank2offshoreplanning.ie/

Ní fhéadfar aighneachtaí a dhéanamh chuig an gCoimisiún Pleanála nó tuairimí a thabhairt dó i ndáil leis an bhfaisnéis shuntasach bhreise ach amháin trí scríobh chuige ag 64 Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, nó ar líne ag www.pleanala.ie le linn na tréimhse thuasluaite **ocht seachtaine.**

Ní mór táille €50 a bheith ag gabháil le haon aighneachtaí/tuairimí (ach amháin i gcás comhlachtaí forordaithe áirithe). Ní bheidh aon táille le híoc chun aighneacht a dhéanamh i gcás na bpáirtithe/na ndaoine aonair sin a rinne aighneacht bhailí scríofa chuig an gCoimisiún maidir leis an iarratas cheana féin. Ní mór aighneachtaí nó tuairimí a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná an **29 Iúil 2026.**

Ní mór an fhaisnéis seo a leanas a bheith ar áireamh in aighneachtaí/tuairimí den sórt sin:

(a) ainm an duine atá ag déanamh na haighneachta nó atá ag tabhairt na tuairime, ainm an duine atá ag gníomhú thar a cheann nó thar a ceann, más ann, agus an seoladh chuig ar cheart aon chomhfhreagras a bhaineann leis an aighneacht nó leis an tuairim a sheoladh;

(b) ábhar na haighneachta nó na tuairime;

(c) na cúiseanna, na cúinsí agus na hargóintí ar a bhfuil an aighneacht nó an tuairim bunaithe ina hiomláine,

ar féidir go n-áireofar leo:

(i) impleachtaí na forbartha beartaithe do phleanáil spáis mhuirí,

(ii) impleachtaí na forbartha beartaithe do phleanáil chuí agus forbairt inchothaithe, agus

(iii) na héifeachtaí is dóigh a bheidh ag an bhforbairt bheartaithe ar an gcomhshaol nó ar aon láithreán Eorpach.

Ní fhéadfaidh an Coimisiún breithniú a dhéanamh ar aon aighneacht nó tuairim nach gcomhlíonann na ceanglais thuas.

Ba cheart aon cheisteanna a bhaineann leis an bhfaisnéis shuntasach bhreise a chur ar an Rannóg Mhuirí agus Aeráide de chuid an Choimisiúin Pleanála (Teil.: 01 8588100).

Féadfaidh duine bailíocht aon chinnidh ón gCoimisiún a cheistiú trí bhíthin iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach, faoi Ordú 84 de Rialacha na nUaschúirteanna (I.R. Uimh. 15 de 1986), de réir alt 50 agus alt 50A den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú.

Féadfar faisnéis phraiticiúil faoin sásra athbhreithnithe a rochtain ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin Pleanála (www.pleanala.ie) nó ar shuíomh Gréasáin na Seirbhíse um Fhaisnéis do Shaoránaigh ag www.citizensinformation.ie.

Irish Independent 33x6 (255)
Gorey Guardian 33x6 (255)
Wicklow People 33x6 (255)

AC